Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Nollaig 2023
(OR. en)

16644/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0307(COD)**

CODEC 2459
MI 1116
COMPET 1259
EDUC 477
PE 156

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla altraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin<br>– An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 11 go dtí an 14 Nollaig 2023) |

## I. RÉAMHRÁ

Bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Sa chomhthéacs sin, thar ceann an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO), thíolaic an rapóirtéir Adam BIELAN (ECR, PL) leasú comhréitigh (leasuithe 1 go 15) ar an togra thuasluaite le haghaidh Treorach, a raibh dréacht-tuarascáil ullmhaithe aige ina leith. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

## II. VÓTÁIL

Nuair a caitheadh vóta ag an seisiún iomlánach an 12 Nollaig 2023, glacadh an leasú comhréitigh sin (leasuithe uimhir 1 go 15) ar an togra thuasluaite le haghaidh Treorach. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[1].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

1 Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún a léiriú. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail ‘▌’ a léirítear téacs a scriosadh.

## P9_TA(2023)0447

## Aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla altraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2023 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla altraí atá freagrach as cúram ginearálta a cuireadh faoi oiliúint sa Rómáin (COM(2023)0502 – C9-0324/2023 – 2023/0307(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0502),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 46, 53(1) agus 62 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0324/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2023[1],

– ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 22 Samhain 2023 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0381/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**P9_TC1-COD(2023)0307**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 12 Nollaig 2023 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2023/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2005/36/CE a mhéid a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla altraí atá freagrach as cúram ginearálta ar cuireadh oiliúint orthu sa Rómáin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 46, Airteagal 53(1) agus Airteagal 62 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

2 Tuairim an 25 Deireadh Fómhair 2023 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2023.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], tá feidhm ag forálacha sonracha maidir le cearta faighte i dtaca le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla áirithe arna n-eisiúint sa Rómáin d'altraí atá freagrach as cúram ginearálta.

(2) Altraí atá freagrach as cúram ginearálta nár chomhlíon a n-oiliúint na híoscheanglais faoi Threoir 2005/36/CE agus ar cuireadh tús leis an oiliúint sin roimh ***dháta*** aontachais na Rómáine leis an ***Aontas***, is féidir leo tairbhiú d'aitheantas faoi Airteagal 33a de Threoir 2005/36/CE má chomhlíonann siad na ceanglais a shonraítear ann. ▌

[4] Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

(3) ***Tá aitheantas tugtha ag roinnt Ballstát óstach do cháilíochtaí gairmiúla altraí atá freagrach as cúram ginearálta, altraí ar cuireadh oiliúint orthu sa Rómáin agus nár chomhlíon a gcáilíochtaí na ceanglais chun tairbhiú d'aitheantas faoi Airteagal 33a de Threoir 2005/36/CE chun críche rochtain a fháil ar an ngairm chéanna sa Bhallstát sin. Chuir na Ballstáit óstacha sin i bhfeidhm chun na críche sin na rialacha aitheantais faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó an córas ginearálta a leagtar amach in Airteagail 10 go 14 den Treoir sin. Cuireadh an córas ginearálta sin i bhfeidhm ar an tuiscint go bhféadfadh altraí ar cuireadh oiliúint orthu sa Rómáin tairbhiú den chóras ginearálta sin ar an mbealach céanna le haltraí atá freagrach as cúram ginearálta nár cuireadh oiliúint orthu sa Rómáin agus nár chomhlíon a gcáilíochtaí ceanglais Airteagal 33 den Treoir sin, dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (b), den Treoir sin. Chun cearta faighte den sórt sin a chosaint agus chun ionchais dhlisteanacha na n-altraí sin a thairbhigh díobh a chaomhnú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i ndáil le haitheantas den sórt sin do cháilíochtaí gairmiúla altraí ar cuireadh oiliúint orthu sa Rómáin nár chomhlíon a gcáilíochtaí ceanglais na leaganacha éagsúla d'Airteagal 33a de Threoir 2005/36/CE is infheidhme go dtí teacht i bhfeidhm na Treorach seo, go leanfaidh aitheantas den sórt sin de bheith bailí. Ina theannta sin, chun an tsoiléireacht agus an deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú i ndáil leis an bhfíoras go bhfuil an measúnú de bhun Airteagail 10 go 14 de Threoir 2005/36/CE le cur i bhfeidhm i gcás nach gcomhlíonann cáilíochtaí altra na ceanglais faoi Airteagal 33a de Threoir 2005/36/CE, arna leasú leis an Treoir seo, ba cheart tagairt shonrach don Airteagal leasaithe sin a áireamh in Airteagal 10, pointe (b), de Threoir 2005/36/CE.***

(4) Tá clár speisialta uasghrádaithe cáilíochtaí curtha ar bun ag an Rómáin chun a chur ar a gcumas do rannpháirtithe a gcáilíochtaí gairmiúla a uasghrádú chun na híoscheanglais oiliúna ar fad a leagtar amach i dTreoir 2005/36/CE maidir le gairm na n-altraí atá freagrach as cúram ginearálta a chomhlíonadh. Chun na críche sin, rinne an Rómáin idirchaidreamh roimh ré leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún.

(5) Thug an Rómáin an clár uasghrádaithe cáilíochtaí speisialta isteach trí Ordú Comhpháirteach Uimh. 4317/943/2014 ón Aire Oideachais Náisiúnta agus ón Aire Sláinte[5]. Rinne an tOrd Rómánach um Altraí, Cnáimhseacha agus Cúntóirí Leighis é a fhormhuiniú agus rinneadh é a fhormhuiniú le hOrdú Uimh. 5114/2014 ón Aire Oideachais Náisiúnta[6] é a fhormhuiniú.

(6) Cuireadh an clár speisialta uasghrádaithe cáilíochtaí ar bun le haghaidh sealbhóirí fianaise ar cháilíochtaí gairmiúla dá dtagraítear in Airteagal 33a de Threoir 2005/36/CE agus le haghaidh sealbhóirí fianaise ar cháilíochtaí iar-mheánscoile áirithe a liostaítear in Airteagal 4 d'Ordú Uimh. 5114/2014 ón Aire Oideachais Náisiúnta.

---

[5] Ordú Comhpháirteach Uimh. 4317/943/2014 ón Aire Oideachais Náisiúnta agus ón Aire Sláinte an 11 Lúnasa 2014 maidir le formheas an chláir speisialta uasghrádaithe cáilíochtaí le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais agus ardoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 624 an 26 Lúnasa 2014).

[6] Ordú Uimh. 5114/2014 ón Aire Oideachais Náisiúnta an15 Nollaig 2014 maidir le formheas na modheolaíochta chun an clár speisialta uasghrádaithe cáilíochtaí a eagrú, a sheoladh agus a chríochnú le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 5 an 6 Eanáir 2015).

(7) In 2018, chuir an Rómáin torthaí an chláir speisialta uasghrádaithe cáilíochtaí faoi bhráid an ghrúpa saineolaithe ábhartha, eadhon an Grúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint agus, tar éis comhairliúchán, níor chuir aon Bhallstát i gcoinne an mholta gur cheart dóibh siúd ar éirigh leo sa chlár sin tairbhiú de chóras aitheantais níos fabhraí.

(8) An 11 Bealtaine 2020, d’fhoilsigh an Coimisiún, faoi Airteagal 60(2) de Threoir 2005/36/CE, tuarascáil maidir le torthaí an chláir speisialta uasghrádaithe cáilíochtaí. Ba é conclúid na tuarascála sin go ndearna an Rómáin an clár speisialta uasghrádaithe cáilíochtaí a caibidlíodh leis na Ballstáit roimh ré a chur chun feidhme chun é a chur ar a gcumas dá rannpháirtithe a gcáilíochtaí a uasghrádú chun na híoscheanglais a leagtar amach i dTreoir 2005/36/CE a chomhlíonadh.

(9) Chun an clár speisialta uasghrádaithe cáilíochtaí a chur san áireamh sna critéir maidir le haitheantas bunaithe ar chearta faighte a bhaineann go sonrach le haltraí atá freagrach as cúram ginearálta agus ar cuireadh oiliúint orthu sa Rómáin, is iomchuí Airteagal 33a de Threoir 2005/36/CE a leasú ionas gur féidir le haltraí a bhfuil fianaise ábhartha acu gur chríochnaigh siad an clár sin tairbhiú d'aitheantas gan gá le taithí ghairmiúil sa Rómáin a chruthú, mar atá faoi láthair.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2005/36/CE a leasú ▌ dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2005/36/CE ▌ mar a leanas:

(1) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) i gcás dochtúirí a bhfuil oiliúint bhunúsach acu, dochtúirí speisialaithe, altraí atá freagrach as cúram ginearálta, cleachtóirí déidliachta, cleachtóirí déidliachta speisialaithe, tréidlianna, cnáimhseacha, cógaiseoirí agus ailtirí, nuair nach gcomhlíonann an t-imirceach na ceanglais maidir le cleachtas gairmiúil éifeachtach agus dleathach dá dtagraítear in Airteagail 23, 27, 33, 33a, 37, 39, 43 agus 49;’***;***

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 33a:

‘Airteagal 33a

Cearta faighte a bhaineann go sonrach le haltraí atá freagrach as cúram ginearálta agus ar cuireadh oiliúint orthu sa Rómáin

1. A mhéid a bhaineann leis an gcáilíocht Rómánach mar altra atá freagrach as cúram ginearálta, ní bheidh feidhm ach ag na forálacha maidir le cearta faighte a leagtar síos i ***mír 2***.

2. I gcás náisiúnaigh na mBallstát ar cuireadh oiliúint orthu mar altraí atá freagrach as cúram ginearálta sa Rómáin agus nach gcomhlíonann a n-oiliúint na híoscheanglais oiliúna a leagtar síos in Airteagal 31, tabharfaidh na Ballstáit aitheantas, mar chruthúnas leordhóthanach, don mhéid seo a leanas***:***

***(a)*** aon chuid den fhianaise seo a leanas ar cháilíocht fhoirmiúil mar altra atá freagrach as cúram ginearálta, ar an gcoinníoll go bhfuil deimhniú ag gabháil leis an bhfianaise sin ina luaitear go raibh na náisiúnaigh sin de chuid Ballstáit ag gabháil go héifeachtach agus go dleathach do ghníomhaíochtaí altra atá freagrach as cúram ginearálta sa Rómáin, lena n-áirítear freagracht iomlán a ghlacadh as cúram altranais othar a phleanáil, a eagrú agus a chur i gcrích, ar feadh tréimhse 3 bliana as a chéile ar a laghad sna 5 bliana roimh dháta eisiúna an deimhnithe:

(***i***) *Certificat de competențe profesionale de asistent medical generalist* le hoideachas iar-mheánscoile a fuarthas ó *școală postliceală*, ina bhfianaítear go bhfuarthas oiliúint ar cuireadh tús léi roimh an 1 Eanáir 2007;

(***ii***) *Diplomă de absolvire de asistent medical generalist* le staidéar ardoideachais gearr-ama, ina bhfianaítear go bhfuarthas oiliúint ar cuireadh tús léi roimh an 1 Deireadh Fómhair 2003; ***nó***

(***iii***) *Diplomă de licență de asistent medical generalist* le staidéar ardoideachais fad-ama, ina bhfianaítear go bhfuarthas oiliúint ar cuireadh tús léi roimh an 1 Deireadh Fómhair 2003***;***

***(b)*** ***aon*** chuid den fhianaise ar cháilíocht fhoirmiúil ***a liostaítear i bpointí (ii) agus (iii) de phointe (a)***, ar an gcoinníoll go bhfuil an fhianaise seo a leanas ar cháilíocht fhoirmiúil arna fáil ar bhonn an chláir speisialta uasghrádaithe cáilíochtaí speisialta ag gabháil le fianaise den sórt sin:

▌ *Diplomă de licență* dá dtagraítear in Airteagal 3(2) d'Ordú Comhpháirteach Uimh. 4317/943/2014 ón Aire Oideachais Náisiúnta agus ón Aire Sláinte an 11 Lúnasa 2014 maidir le formheas an chláir speisialta uasghrádaithe cáilíochtaí le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais agus ardoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 624 an 26 Lúnasa 2014), agus Forlíonadh Dioplóma ag gabháil leis ina luaitear gur chríochnaigh an mac léinn an clár speisialta uasghrádaithe cáilíochtaí, nó

***(c)*** ***aon chuid den fhianaise ar cháilíochtaí foirmiúla ar leibhéal iar-mheánoideachais a liostaítear faoi Airteagal 4 d'Ordú Uimh. 5114/2014 ón Aire Oideachais Náisiúnta maidir le formheas na modheolaíochta chun an clár speisialta uasghrádaithe cáilíochtaí a eagrú, a sheoladh agus a chríochnú le haghaidh oiliúint tosaigh altraí atá freagrach as cúram ginearálta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2007 do chéimithe iar-mheánoideachais (Iris Oifigiúil na Rómáine Uimh. 5 an 6 Eanáir 2015), ar choinníoll go bhfuil an fhianaise seo a leanas ar cháilíocht fhoirmiúil a fuarthas ar bhonn clár speisialta uasghrádaithe cáilíochtaí ag gabháil le fianaise den sórt sin:***

*Certificat de revalorizare a competenţelor profesionale* dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le hOrdú Comhpháirteach Uimh. 4317/943/2014 ón Aire Oideachais Náisiúnta agus ón Aire Sláinte agus in Airteagal 16 d'Ordú Uimh. 5114/2014 ón Aire Oideachais Náisiúnta.'**;**

*(3) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:*

***'Airteagal 33b***

***Bailíocht na gceart a fuarthas roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]***

***Ráthóidh na Ballstáit óstacha bailíocht an aitheantais do cháilíocht na Rómáine mar altra atá freagrach as cúram ginearálta a deonaíodh de bhun Airteagail 10 go 14 den Treoir seo roimh an ... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] i gcás náisiúnaigh na mBallstát ar cuireadh oiliúint orthu mar altraí atá freagrach as cúram ginearálta sa Rómáin agus nár chomhlíon na ceanglais seo a leanas:***

***(a) Airteagal 33a den Treoir seo sa leagan a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2007, nó***

***(b) Airteagal 33a den Treoir seo, arna leasú le Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*.***

---

**** Treoir 2013/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 lena leasaítear Treoir 2005/36/CE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('Rialachán IMI') (IO L 354, 28.12.2013, lch. 132.)'.***

*Airteagal 2*

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin …[*bliain amháin tar éis* ***dháta*** *theacht i bhfeidhm na Treorach seo*]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún ***láithreach***.

   Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na ***forálacha*** sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs ***phríomhfhorálacha*** an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh i/in/sa…,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |